



**Díchláraigh d'iasacht i gcomhair Faoiseamh  
Cánach ag an bhFoinse - Ús Morgáiste  
nó  
Leasaigh Céatadán Cáilitheach d'iasachta**

Iasacht urraithe is ea iasacht cháilitheach chun críocha an fhaoisimh ús morgáiste is gá a úsáid chun an príomháit chónaithe phríobháideach a cheannach, a dheisiú, a fhorbairt nó a fheabhsú. I gcás go n-úsáidtear céatadán den iasacht chun aon chríche eile, ní bheidh ach an céatadán ábhartha leis an bpríomháit chónaithe phríobháideach cáilitheach don fhaoiseamh ús morgáiste. Níl iasachtaí a úsáidtear chun réadmhaoín infheistíochta a cheannach nó chun iasachtaí nach mbaineann le teach a chomhdhlúthú cáilitheach d'fhaoiseamh ús morgáiste.

Comhlánaigh i **mBLOCLITREACHA**. Ba cheart foirmeacha comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Rannóg FCF, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972 (Saorphost). Chun treoirínite a fháil maidir leis an bhfoirm a chomhlánú, feic thall nó téigh chuig **www.revenue.ie**

**1 Réadmhaoín nach Príomháit Chónaithe Phríobháideach Riamh í**

Dearbhaím / Dearbhaímid nach raibh an réadmhaoín i ndáil leis an uimhir / na huimhreacha cuntais iasachta thíos mar Phríomháit Chónaithe Phríobháideach agam / againn riamh.

Iontráil uimhir chuntais iasachta

Iontráil uimhir chuntais iasachta

**2 Réadmhaoín nach Príomháit Chónaithe Phríobháideach níos mó í**

Dearbhaím / Dearbhaímid gur stopamar / go stopfaimid ag úsáid na réadmhaoine i ndáil leis an uimhir / na huimhreacha cuntais iasachta thíos mar Phríomháit Chónaithe Phríobháideach le héifeacht ón.

Iontráil uimhir chuntais iasachta  **M M** -  **B B B B**

Iontráil uimhir chuntais iasachta   -

**3 Páirtí amháin ag fágáil Príomháit Chónaithe Phríobháideach**

Dearbhaím / Dearbhaímid **gur stop mé** ag úsáid na réadmhaoine i ndáil leis an uimhir / na huimhreacha cuntais iasachta thíos mar Phríomháit Chónaithe Phríobháideach (PCP) le héifeacht ón. Tá páirtithe eile leis an iasacht seo fós ag an réadmhaoín.

Iontráil uimhir chuntais iasachta  **M M** -  **B B B B**

Iontráil uimhir chuntais iasachta   -

**4 Leasú le Céatadán Cáilitheach**

Dearbhaím / Dearbhaímid go bhfuil céatadán de mo mhorgáiste / dár morgáiste, lena n-áirítear aon bhreisiú nó athmhorgáiste á úsáid do mo theach / dár dteach.

Ríomh céatadán do mhorgáiste a cháilíonn d'fhaoiseamh ús morgáiste, i ndáil le gach iasacht ar a bhfuil tú ag éileamh FCF:

Méid na hiasachta arna úsáid ar an teach X 100 = Céatadán cáilitheach  
lomlán ar iasacht

Iontráil uimhir chuntais iasachta

Cuir isteach Céatadán Incháilithe  %

**Ba cheart do gach páirtí leis an iasacht an dearbhú seo a shíniú, mura bhfuil rogha 3 á chomhlánú acu i gcás nár cheart ach don duine aonair atá ag fágáil na hiasachta síniú.**

Síniú: \_\_\_\_\_ UPSP: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_/\_\_\_/\_\_\_

Síniú: \_\_\_\_\_ UPSP: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_/\_\_\_/\_\_\_

Seoladh i gcomhair Comhfhreagrais: \_\_\_\_\_

Uimh. Theileafóin: \_\_\_\_\_

**1. Réadmhaoin nach Príomháit Chónaithe Phríobháideach Riamh í**

Mura raibh an réadmhaoin atá i gceist mar phríomháit chónaithe phríobháideach agat riamh, .i. nár chónaigh tú riamh ann, comhlánaigh rogha 1. Trí rogha 1 a chomhlánú, tá tú ag dearbhú nach raibh iasacht(aí) i ndáil leis an réadmhaoin seo cáilitheach d'fhaoiseamh ús morgáiste riamh. I gcás go bhfuarthas faoiseamh trí earráid, nó eile i gcás nach raibh an faightear i dteideal aon fhaoisimh, caithfear aon fhaoiseamh a fuarthas a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**2. Réadmhaoin nach Príomháit Chónaithe Phríobháideach níos mó í**

Mura bhfuil an réadmhaoin atá i gceist mar phríomháit chónaithe phríobháideach agat níos mó, .i. ní chónaíonn tú a thuilleadh ag an réadmhaoin seo **agus tá na hiasachtaí fós gníomhach**, comhlánaigh rogha 2. Trí rogha 2 a chomhlánú, tá tú ag dearbhú nach bhfuil iasacht(aí) i ndáil leis an réadmhaoin seo cáilitheach d'fhaoiseamh ús morgáiste a thuilleadh.

**3. Páirtí amháin ag fágáil Príomháit Chónaithe Phríobháideach**

Más mian leat a dheimhniú nach bhfuil an réadmhaoin a bhfuil faoiseamh ús morgáiste á fháil agat ina leith mar phríomháit chónaithe phríobháideach agat níos mó, ba cheart duit rogha 3 a chomhlánú. Trí rogha 3 a chomhlánú, tá tú ag dearbhú nach bhfuil tú cáilitheach le faoiseamh ús morgáiste a fháil ar an réadmhaoin seo a thuilleadh. Leanfaidh aon pháirtithe eile atá cláraithe faoi láthair chun faoiseamh ús morgáiste a fháil á dhéanamh sin mura gcuireann na daoine sin a mhalairt in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim.

**4. Leasú le Céatadán Cáilitheach**

Ba cheart duit rogha 4 a chomhlánú i gcás go mbaineann roinnt de do mhorgáiste ach ní do mhorgáiste ar fad le do phríomháit chónaithe phríobháideach. Tá tú i dteideal faoiseamh ús morgáiste a fháil don chuid sin den mhorgáiste a bhaineann le do theach (PCP) amháin.

**Sampla:**

iasacht iomlán		€300,000
Briseadh síos:	iasacht tí	€250,000
	iasacht cairr	€30,000
	iasacht chárta creidmheasa	€10,000
	caiteachas ilghnéitheach	€10,000
<u>€250,000</u>		
€300,000	X 100 = <b>83.33%</b>	<b>83%</b>

**Tá 83% cáilitheach d'fhaoiseamh ús morgáiste**

**Dearbhú**

Ba cheart do gach páirtí leis an iasacht an dearbhú seo a shíniú, mura bhfuil rogha 3 á chomhlánú acu i gcás nár cheart ach don duine aonair atá ag fágáil na hiasachta síniú.

**Má theastaíonn cúnamh uait leis an bhfoirm seo a chomhlánú, cuir glaoch ar an líne chabhrach TRS 01 738 3663.**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).